



Bainisteoir Acmhainní Daonna

Conradh Buan

Is mian le TG4 Bainisteoir Acmhainní Daonna a earcú a bheidh lonnaithe sa gCeannáras i nGaeltacht na Gaillimhe. Ag freagairt don Stiúrthóir Oibríochtaí & Acmhainní Daonna, beidh an Bhainisteoir Acmhainní Daonna i gceannas ar ghnóthaí acmhainní daonna TG4 a bhainistiú.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Ról

Beidh an té a cheapfar freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar chláir oibre agus dualgais acmhainní daonna na h-eagraíochta. I measc na réimsí freagrachta a bheidh i gceist, beidh:

- Comhairle agus cabhair Acmhainní Daonna don fhoireann
- Forbairt polasaithe
- Fostaíocht & Earcaíocht
- Riaradh Acmhainní Daonna
- Caidreamh oibre & thionsclaíoch
- Bainistiú Córais Measúnaithe
- Sláinteachas & Folláine
- Foghlaim & Forbairt
- Traenáil & Oiliúint
- Pleanáil Comharbachta
- Éagsúlacht, Cothromas & Áireamh (DEI)

Nithe atá riachtanach don phost seo:

- A bheith tiomanta chun Fís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm
- Cáilíocht oiriúnach, aitheanta triú leibhéal sa réimse Acmhainní Daonna/Bainistíochta/Caidreamh Thionsclaíoch/Gnó/Eile.
- Tuiscint chuimsitheach ar reachtaíocht Éireannach agus Eorpach maidir le dlí na fostaíochta.
- Taithí cheithre bhliana ar a laghad ag leibhéal sinsearach bainistíochta Acmhainní Daonna a bheidh acu.
- Cumas cruthaithe ceannaireachta agus féinspreagthachta.
- Taithí ar thaighde agus deáchleachtais a fhorbairt agus a chuir i bhfeidhm maidir le forbairt acmhainní daonna in eagraíocht.
- Scileanna éifeachtacha pleanála agus bainistiú tionscadail a bheidh acu agus cumas chun oibriú i dtreo spriocanna agus amscálaí sonracha pearsanta, foirne agus straitéiseacha.
- Ardscileanna áisitheoireachta, cumarsáide & cur i láthair
- Sárchumas cruthaithe do chaidreamh idirphearsanta agus idirbheartaíochta.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge líofa ag iarrthóirí, idir scríobh agus ó bhéal.

Is 4pm Dé Luain, 9 Deireadh Fómhair an spriocdháta d'iarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie

